C/2024/5659

18.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11740 – EDF / VAUBAN INFRASTRUCTURE PARTNERS / ONTOWER AUSTRIA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5659)

1. An 11 Meán Fómhair 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Electricité de France S.A. ('EDF', an Fhrainc), faoi rialú Stát na Fraince,

— Vauban Infrastructure Partners S.C.A. ('Vauban', an Fhrainc), ar leis an ngrúpa BPCE S.A. ('BPCE', an Fhrainc) é,

— OnTower Austria GmbH ('OnTower Austria', an Ostair), faoi rialú deiridh Cellnex Telecom S.A. ('Cellnex', an Spáinn) faoi láthair.

Gheobhaidh EDF agus Vauban rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar OnTower Austria ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá EDF gníomhach ar fud an domhain i ngach réimse de tháirgeadh, soláthar agus iompar leictreachais. Tá EDF gnóthach chomh maith i soláthar seirbhísí eile a bhaineann le leictreachas agus san earnáil gáis.

— Is cuideachta bainistíochta sócmhainní Eorpach é Vauban a dhíríonn ar infheistíochtaí cothromais bonneagair. Baineann Vauban leis an ngrúpa baincéireachta Francach BPCE S.A.

— Oibríonn OnTower Austria bonneagar líonra éighníomhach gan sreang san Ostair, arb é atá ann túir ar talamh, túir ar dhíonta agus túir i láithreáin eile a úsáideann oibreoirí móibíleacha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11740 – EDF / VAUBAN INFRASTRUCTURE PARTNERS / ONTOWER AUSTRIA

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË